Éagsúlacht Beatha

*Cuid de na páistí ó Ghaelscoil Riabhach ag tabhairt cluas le héisteacht le Brian Ó Mainnín, múinteoir agus le **Seán Ó Flannagáin** cois locha.*

Bhí an t-ádh ar scoláirí *Ghaelscoil Riabhach* deis a bhaint as an dea-aimsir agus Rang Cois Locha le deireannas. Tháinig **Seán Ó Flannagáin**, saineolaí ar chúrsaí dúlra, ar cuairt ar mhaithe le ceardlann bitheagsúlachta a stiúradh. Cinnte, bhí deis ag na scoláirí foghlaim fán éagsúlacht beatha atá ag brath ar an loch idir plandaí, feithidí, ainmhíthe, éin agus éisc.

Ar ndóigh, ba mhór an tuiscint a bhí ag na daltaí ar chúrsaí bithéagsúlachta tar éis na cuairte ó Sheán. Cuireadh spéis sna cineálacha éagsúla beatha agus tuigtear go mbeidh meas is urraim tugtha do na níthe beaga is móra cois locha amach anseo.

Mar aon leis sin, bhí Siúlóid Coille ar siúl i gcoill Maigh Fhód taobh amuigh de Chreachmhaoil in Oirthear na Gaillimhe Satharn 19 Meán Fómhair. Bhí **Seán Ó Flannagáin** amuigh arís agus é i gceannas ar an siúlóid seo a stiúradh. Cuireadh fáilte roimh theaghlaigh agus tugadh treoir agus ar an saibhreas timpeallachta sa choill le linn na siúlóide. Bhí an scaifte ag foghlaim fá na rudaí beaga is móra a bhí le feiceáil ar thalamh na coille go dtí barr na crainne.

Bhí na himeachtaí seo eagraithe ag *Gaeilge Locha Riach* i gcomhar le **Elaine O'Riordain**, Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus maoinithe ag ***GRD***. Tuigtear go mbeidh imeachtaí agus tionscadail eile ag teacht mar thoradh ar na eachtraí seo.

Diversity of Life

Cuid den slua a tháinig le chéile i gcoill Maigh Fhód le deireannas le taitneamh a bhaint as réimse bithéagsúlachta na háite.

The students of *Gaelscoil Riabhach*, Loughrea, took advantage of the good weather recently organising a class at the lakeside. **Seán Ó Flannagáin**, environmentalist, visited the school in order to conduct a workshop in biodiversity. The pupils had the opportunity to learn about the wide range of life forms that depend on the lough including plants, insects, animals, birds and fish.

The pupils knowledge of the biodiversity of the lough was greatly improved as a result of **Seán Ó Flannagáin's** visit. It seems the students have a new found respect for the lough and even understand the significance of the insects.

Also a walk in Moyode woods outside of Craughwell was organised on Saturday 19th September. **Seán Ó Flannagáin** was out again to give a guided talk '*as Gaeilge*' through the forest. Families were given a special welcome as the were guided through the wealth of nature during the afternoon stroll. The gathering learnt quite a lot about all things bright and beautiful from the smallest to the biggest, from the forest floor to the tops of the trees.

These events were organized by *Gaeilge Locha Riach* in co-operation with **Elaine O'Ríordáin**, the Biodiversity officer of Galway County Council and funded by ***GRD***. It is understood that further events and studies are to be organized as a result of these excusions.